

- Ceistanna a chur a éilíonn ar scoláirí a gcuid oibre a mheas agus / nó a chosaint, réasúnú nó ginearálú ag an leibhéal forbartha matamaiticiúil reatha atá acu. Is féidir leis na ceistanna seo dúshlán gach scoláire a thabhairt, ach is suntasaí an ról atá acu chun dúshlán na scoláirí is cumasaí a thabhairt ó thaobh na matamaitice de.
  - Mínigh cén fáth...
  - An féidir leat a mhíniú cén fáth nach mbeadh sé seo amhlaidh i gcónaí nó go mbeadh sé i gcónaí amhlaidh?
  - Cén dóigh ar féidir linn a bheith cinnte gur mar sin a bheidh an cás i gcónaí?
  - Déan iarracht féidearthachtaí eile a aimsiú?
  - Mínigh dom cén fáth a síleann tú gurb é seo an réiteach/ an modh is éifeachtaí?
- A iarraidh ar scoláirí ceistanna a chur agus / nó a gcuid fadhbanna a chumadh, dóibh féin agus dá gcuid piaraí chun dul i ngleic leo.

## Aiseolas Éifeachtach Foirmitheach a Thabhairt

Meastar gur comhpháirt riachtanach chun a gcuid foghlama a bhogadh chun cinn é an t-aiseolas a thugtar ar an gcaoi lena gcuid foghlama a fheabhsú. Is féidir aiseolas a bheith scríofa nó tugtha ó bhéal agus is éifeachtaí é nuair atá na cúinsí seo le brath:


1. Is ar an gcaoi ar féidir le scoláire an fhoghlaim a fheabhsú atá an t-aiseolas dírithe
2. Ní leagann an t-aiseolas béim ar an mbearna idir gnóthachtáil an scoláire agus na hintinní foghlama i gcomhair ceacht(anna).

3. Tá an t-aiseolas dírithe ar cháilíocht oibre an scoláire, baineann sé leis na critéir ratha, aithníonn sé rath agus éachtaí, agus molann sé feabhsúcháin.
4. Tugtar deis don scoláire aghaidh a thabhairt ar mhionsonraí an aiseolais.
5. Spreagann an t-aiseolas smaointeoireacht scoláirí agus cothaíonn sé seasmhacht trí dhírú ar scileanna, thuiscint agus/nó an bpríomhfhoghlaim.

Is straitéis úsáideach é chun aiseolas éifeachtach a thabhairt gan marcáil ach trí thuairimí. Tugann an múinteoir idir thuairimí amháin agus trí cinn a leagann béim ar bhealaí ar féidir le scoláirí an obair / an fhoghlaim a fheabhsú. Ba chóir don aiseolas a bheith soiléir agus beacht agus ba chóir breithiúnas ar obair / ar fhoghlaim an scoláire a sheachaint. Is féidir an mharcáil trí thuairimí amháin a dhéanamh níos éifeachtaí agus an t-aiseolas a cheangal leis na critéir ratha atá in úsáid cheana. Is féidir é a úsáid mar straitéis chun féinmheasúnú agus piarmheasúnú a fhorbairt. Má deirtear le scoláirí go bhfuil dhá fhreagra as cúig cinn mícheart agus iarraidh ar na scoláirí na botúin a aimsiú ina n-aonar nó i bpéirí, mar shampla, is bealach féideartha amháin é acu chun a bheith ina bhfoghlaimoírí neamhspleácha agus féinmhachnamhacha.

## Féinmheasúnú agus Piarmheasúnú

Is straitéisí cruthanta iad féinmheasúnú agus piarmheasúnú a chabhraíonn le scoláirí forbairt ina bhfoghlaimoírí neamhspleácha agus a spreagann iad chun a bheith freagrach as a gcuid foghlama. Is féidir gur straitéisí úsáideacha ranga iad iarraidh ar scoláirí a gcuid oibre féin a mheas agus critéir ratha in úsáid, gnéithe den obair s'acu a bhfuil aird de dhíth orthu a shainaithint, nó a bheith ag obair i bpéirí chun marcáil agus aiseolas a thabhairt.



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí  
**JuniorCYCLE**  
 for teachers



**Measúnú  
 Foirmitheach  
 sa  
 Mhatamaitic**

*Treoir  
 Mhearthagartha*




## Measúnú Foirmitheach

Sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) luaitear go mbeidh measúnú foirmitheach, mar aon le measúnú suimitheach ina ghné lárnach den tSraith Shóisearach. Bíonn measúnú foirmitheach nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim le linn an phróisis fhoghlama, agus a úsáidtear chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais scoláirí. Ligeann an próiseas seo do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí, agus, nuair is gá, athruithe a mholadh i leith chur chuige teagaisc an mhúinteora agus chur chuige foghlama an scoláire.

Tá cúig cholún leathana idirghaolmhara ann a chuireann bonn agus taca faoin measúnú foirmitheach. Seo iad:

- **Intinní foghlama a roinnt**, a shoiléiriú agus a thuiscint
- **Plé éifeachtach ranga** a ghníomhachtú, tascanna agus gníomhaíochtaí a mheallann fianaise ar an bhfoghlaim
- **Aiseolas** a chur ar fáil a **bhogann an fhoghlaim chun cinn i dtreo tuiscint níos doimhne ar an ábhar**
- **Féinmheasúnú agus piarmheasúnú**
  - Scoláirí a ghníomhachtú mar acmhainní foghlama ag a chéile.
  - Scoláirí a ghníomhachtú mar úinéirí ar a gcuid foghlama féin.



## Intinní Foghlama

Déanann intinní foghlama soiléir an rud gur chóir a bheith ar eolas ag scoláire, an rud gur cheart dó a thuiscint nó a bheith in ann a dhéanamh i gceacht nó i sraith de cheachtanna. Tá sé ríthábhachtach an fhoghlaim a roinnt cionn is go gcinntíonn sé go mbíonn na scoláirí uile soiléir faoin rud atá siad ag dul a fhoghlaim, agus mar a nascann sé leis an reamhfhoghlaim atá déanta acu. Ba chóir na hintinní foghlama a scríobh i dteanga atá soiléir agus a thuigfidh an scoláire, a bheith cumtha (i dtosach) ag an múinteoir agus roinnte leis an scoláire.

Más ionann na hintinní foghlama agus an ceann scríbe don scoláire, is iad na critéir ratha na comharthaí bóthair ar an turas. Tugann na critéir ratha deis do na scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar an gcuma a bheadh ar fhoghlaim rathúil.

## Dialóg Ranga

Is dlúthchuid é an dialóg shaibhir fhiúntach d'idirghníomhaíocht scoláirí lena gcuid foghlama. Is féidir le múinteoirí smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus díospóireacht scoláirí a chur chun cinn trí cheachtanna atá pleanáilte agus deartha go cúramach. I measc roinnt de na straitéisí / gníomhaíochtaí úsáideacha chun tacú le dialóg fhiúntach sa seomra ranga áirítear iad seo a leanas:

- Mar an gcéanna agus difriúil
- Aontaím, Ní aontaím, Braitheann sé
- I gcónaí, Corruair, Ní ... riamh
- Sórtáil Chártaí
- Meaitseáil Chártaí
- Tuar

Is féidir le múinteoirí scoláirí a spreagadh chun iad féin a chur in iúl trí cheistiú éifeachtach agus éisteacht ghníomhach a úsáid. I measc roinnt de na straitéisí sa seomra ranga áirítear iad seo a leanas:

- Am feithimh a mhéadú.
- Gan Lámha in airde.
- Freagraí a fhiosrú (cearta agus míchearta)
  - 'An féidir leat do fhreagra a mhíniú?'
  - 'Conas a fuair tú é sin amach?'
  - 'Cén fáth a measann tú é sin?'
  - 'Cad é a thug ort é a dhéanamh an dóigh sin?'
- Roinnt ceisteanna druidte a athrú ina gceisteanna oscailte.